Pádraig Ó Ceithearnaigh

Gaillimh

An mbaineann an freagra seo le tuairim phearsanta an fhreagróra nó an bhfuil sé déanta thar ceann na heagraíochta thuasluaite?

Pearsanta

An bhfuil tú toilteanach go bhfoilseofar an freagra seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.ahg.gov.ie?

Tá

Cumarsáid faoi alt 9 den Acht (Litreacha, ríomhphoist & cora poist)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cumarsáid a fhreagairt sa teanga ina bhfuarthas í;
- Faisnéis i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a eisiúint i nGaeilge nó go dátheangach.

1. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Cinnte nil siad iomarcach. Is gá ann iad agus tuilleadh go háirithe nuair nach bhfuil feidhm á tabhairt do chóras na scéimeanna. Is gá go mbeadh "tairiscint ghniomhach" lárnach agus mar bhun dualgas faoin Acht. Gan sin tá leisc ar dhaoine an Ghaeilge atá acu a úsáid rud a thugann le tuiscint go míchruinn nach bhfuil seirbhísí ón bpobal. Bá chóir go dtiocfadh an córas fón faoin bhforáil seo áit a ndéanfaí soiléir don phobal go bhfuil fáilte rompu an Ghaeilge a úsáid. Chun seo a dhéanamh i gceart tá gá go mbeadh an Ghaeilge san áireamh agus daoine á gceapadh i bpoist ar leith. Ní fiú daoine a cheapadh i bpoist nach bhfuil Gaeilge acu agus fios roimhré go mbeidh an duine sin ag plé leis an bpobal. Is dóigh liom leis gur cóir go mbeadh na foirmeacha is coitianta ar fáil go dátheangach i bhfoirm crua agus ar an líon. Tá an foráil faoin Alt seo riachtanach agus eolas á scaipeadh ar an bpobal.

Foilseacháin faoi alt 10 den Acht
Dualgais reatha faoin Acht:

- Doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise srl.

2. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?

Is é mo thuairim gur ga ar dtús teorann a chur le líon na bhfocal a bheadh i dtuarascálacha bliantúla agus ar an mbealach sin ní bheadh an oiread sin cur is cúiteamh faoin leagan Gaeilge. Is e an leagann Béarla a rialaíonn costas an leagan Gaeilge. Is gá go mbeadh gach cáipéis ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach sa Ghaeltaccht. Maidir le Pleananna Forbartha Contae ba leor dar liom, seachas i gcontaetha le Gaeltacht go mbeadh achoimre feidhmiucháin de na príomh mholtaí ar fáil i nGaeilge. D'fhágfainn na cáipéisí eile mar atá cé go dtagaim roinnt mhaith le moltaí an Choimisinéara teanga faoin alt seo.

Comharthaí, stáiseanóireacht & fógairtí taifeadta béil faoi na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cloí leis na Rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil.

3. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
D'fhágfainn an foráil seo mar atá seachas sa chás go bhfuil ainm comhlachta i mBéarla mar dhlúthchuid den logó. Is gá go mbeadh an dá theanga le feiceáil.

Scéimeanna Teanga faoin Acht
Is iad na scéimeanna teanga croílár an Achta Teanga. Leagtar amach sna scéimeanna teanga an córas trína bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge thar thréimhse ama. Is trí na scéimeanna teanga a dhéileáiltear le húsáid na Gaeilge ar shuíomhanna gréasáin, ar bhileoga, ar bhróisiúir, ar fhoirmeacha, trí sheirbhísí teileafóin, trí sheirbhísí idirphearsanta eile, trí sheirbhísí ar líne srl.

4. (a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?
I bhfocal amháin NÍL. Níl sé á fheidhmiú agus seachas cor scéim a foilsíodh ag an tús níl téagair ar bith iontu. An ghné de seo atá ag obair ná an córás monatóireachta atá i bhfeidhm ag an gCoimisinéir teanga. Tagaim le moltaí an Choimisinéara Teanga ina athbhreithniu ar an Acht maidir le rangú na gComhlachtaí Poiblí. Tá comhlachtaí poiblí ann agus is beag teagmháil a bhíonn ag an bpobal leo agus tá a mhalairt fior. Is ar na cinn is mó go mbionn teagmháil ag an bpobal leo gur gá díriú agus seirbhís den scoth a chinntiú uathu.

4. (b) An bhfuil malairt córais a mholfá a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?
Ba chóir níos mó riachtanais, mar atá luaite thuas a bheith scríofa isteach san Acht seachas dul sa tseans go gcuirfidh comhlachtaí iad ina scéimeanna.

Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht
Sa chaoi is gur féidir leis an Stát tacú le stádas agus le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach go mbeidh pobal na Gaeltachta ábalta a ngnóthaí oifigiúla a dhéanamh leis an Stát trí Ghaeilge.

5. (a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?
De réir mar a thuigtear dom, seachas cor comhlacht, níl an cuma ar an scéal go bhfuil a fhios ag comhlachtaí poiblí gur ann don Ghaeltacht.

5. (b) An bhfuil leasuithe a mholfá a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?
Ba chóir go mbeadh foráil lom san Acht a chinnteodh go gcuirfeadh gach comhlacht poiblí atá ag plé le pobal na Gaeltachta a cuid seirbhísí ar fáil i nGaeilge gan aon cheist. Beidh gá le huasciliú foirne go háirithe sa Ghaeilge maraon le cúrsaí feasachta teanga le go mbeadh seo éifeachtach.

Forálacha eile faoin Acht
Tá forálacha eile san Acht a dhaingníonn cearta maidir le húsáid na Gaeilge san Oireachtas, sna cúirteanna agus i gcóras logainmneacha an Stáit.

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
D'fhágfainn ann iad. Ábhar misnigh an líon teachta nua sa Dáil atá in ann agallaimh a dhéanamh i nGaeilge. Is oth liom an t-athrú atá déanta ar an riachtanas go bhfoilseofar an dá leagan de Achtanna go comhuaineach. Ba chóir an tAcht faoinar leasaíodh seo a athleasú agus teorann ama a bheith curtha leis. Trí mhí ar a mhéid. Chuirfeadh seo stad leis an claonadh a bheidh ann an leagann Béarla amháin a bheith ar an idirlíon gan aon leagan Gaeilge.

Comhlachtaí poiblí faoin Acht
Cuireann an tAcht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, atá liostaithe faoin Acht, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht ar fáil ag www.ahg.gov.ie.
Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas liostaithe faoin Acht – Ranna agus oifigí Rialtais, údaráis áitiúla, ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal eile, coistí gairmoideachais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí, boird & cuideachtaí Stáit eile.

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?
Ba chóir foráil a chur san Acht go dtiocfaidh gach comhlacht poiblí nua go huathoibríoch faoin Acht agus go mbainfear gach comhlacht poiblí de liosta na gcomhlachtaí nuair a théann an comhlacht sin in éag. Ní cóir go mbeadh aon chomhlacht poiblí saor ó fhorálacha an Achta seachas i gcomhthéacs na n-athruithe atá molta faoi scéimeanna atá molta ag an gCoimisinéar Teanga.

Oifig an Choimisinéara Teanga
Is faoin Acht a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é príomhról na hOifige ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta.

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?
Ar dtús is gá dom a rá gur feall é go ndéanfaí aon leasú ar an Acht le linn do phroisis athbhreithnithe a bheith ar siúl. Feall níos mó é go smaoineofaí ar deireadh a chur le Post an Choimisinéara. Is é mo thuairim láidir go bhfuil curtha go mór le stádas na Gaeilge tri bhunú Oifig an Choimisinéara Teanga. Eiseamlár atá i gcur chuige na hoifige de shár cleachtas agus d'fhéadfadh a lán comhlachtaí poibli foghlaim uaidh.BA CHÓIR AN CINNEADH ATÁ DÉANTA A THARRAINGT SIAR. Tá muinín ag an bpobal san oifig rud is léir trí líon na ngearráin a chuirtear chuige chuile bhliain. Is cinnte nach bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hoifige iomarcach. Chuirfinn leo trí chumhacht a thabhairt don Choimisinéir iachall a chur ar chomhlacht poiblí seirbhís a chur ar fáil i nGaeilge sa chás go gcinnfeadh sé go bhfuil a leithéid réasúnta agus go dtagann sé le spiorad an Achta.

Go ginearálta

9. An bhfuil leasuithe eile a mholfá ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?
Go gcuirfí níos mó béime ar chearta teanga seachas ar dhea-thoil na gcomhlachtaí poiblí gur beag de atá ann.

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?
Ba chóir go mbeinn in ann mo ghnó iomlán a dhéanamh gan stró trí Ghaeilge le haon chomhlacht poiblí go mbeadh gá agam dul i mbun ghnó leis.

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?
Easpa Gaeilge nó easpa tola na gcomhlachtaí poiblí. Nil a fhios agam cé acu a thagann ar dtús agus más easpa Gaeilge atá i gceist is cinnte leis an toil cheart go bhféadfaí foireann a uasciliú i ngach comhlacht poiblí le go mbeadh dóthain Gaeilge acu chun seirbhís chuimsitheach a chur ar fáil i nGaeilge.

12. Céard iad na leasuithe a mholfá ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?
Ní hé an tAcht an fhadhb ach an easpa tola ar an stát-chóras foirne a earcú nó a uasciliú chun go mbeadh siad in ann seirbhís chuimsitheach trí Ghaeilge a chur ar fáil.

Déantar gach rud trí Bhéarla, fiú i Roinn na Gaeltachta, cén tiontas mar sin go mbeadh costas breise ann ábhar a chur fáil i nGaeilge. Dá mbeadh croí fhoireann i ngach comhlacht poiblí in ann gníomhú trí Ghaeilge d'fheicfí titim suntasach sna costais. Sin ráite ní cóir go mbeadh costas san áireamh agus cearta i gceist.